AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.3.2022
COM(2022) 115 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Athbhreithniú Bliantúil Arna Dhéanamh ag an gCoimisiún

maidir le Tuarascálacha Bliantúla na mBallstát ar Ghníomhaíochtaí Creidmheasanna Onnmhairiúcháin de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011

IARSCRÍBHINN

Liosta de Ghníomhaireachtaí Creidmheasa Onnmhairiúcháin an Aontais Eorpaigh a thuairiscigh gníomhaíocht éigin in 2020 de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011

Tábla. GCOanna an Aontais Eorpaigh a bhí gníomhach in 2020	
Tír	*Ainm agus stádas GCO*
An Ostair	Oesterreichische Kontrollbank AG (OeKB), feidhmíonn sé mar GCO thar ceann Phoblacht na hOstaire agus do chuntas Phoblacht na hOstaire laistigh den Acht um Ráthaíochtaí Onnmhairiúcháin.
An Bheilg	Credendo, is institiúid airgeadais phoiblí uathrialaitheach é a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aici agus atá ráthaithe ag Stát na Beilge.
An Chróit	Banc Athfhoirgníochta agus Forbartha na Cróite (HBOR), feidhmíonn sé mar GCO náisiúnta agus cuireann sé árachas creidmheasa onnmhairiúcháin ar fáil do chuntas Phoblacht na Cróite agus thar ceann Phoblacht na Cróite.
Poblacht na Seice	Corparáid Ráthaíochta agus Árachais Onnmhairiúcháin (EGAP), cuideachta speisialaithe árachais creidmheasa faoi úinéireacht stáit, agus Banc Onnmhairiúcháin na Seice (BCE), banc speisialaithe ar cuideachta comhstoic de chuid stát na Seice é, gníomhaíonn siad mar GCOanna agus cuireann siad cláir éagsúla ar fáil (táirgí baincéireachta agus árachais).
An Danmhairg	Eksport Kredit Fonden (EKF), GCO na Danmhairge, is cuideachta phoiblí neamhspleách é, atá faoi úinéireacht agus faoi ráthaíocht Stát na Danmhairge.
An Eastóin	Aktsiaselts Krediidikindlustus, is cuideachta árachais í a ghníomhaíonn mar GCO thar ceann Phoblacht na hEastóine agus do chuntas Phoblacht na hEastóine mar ghníomhaire di ar bhonn an Achta um Ráthaíochtaí Onnmhairiúcháin Stáit.
An Fhionlainn	Finnvera Plc, is é an GCO náisiúnta é agus is cuideachta speisialaithe maoinithe faoi úinéireacht Stát na Fionlainne é.
An Fhrainc	Bpifrance Assurance Export (Bpifrance SA), is brainse de bhanc infheistíochta poiblí é agus bainistíonn sé ráthaíochtaí Stáit in ainm, thar ceann agus faoi rialú Stát na Fraince. Natixis, cuideachta phríobháideach, déanann sé scéimeanna maidir le comhionannú úis a bhainistiú thar ceann Stát na Fraince, faoi chuimsiú dlí agus comhaontú idir Stát na Fraince agus Natixis.
An Ghearmáin	Is ar an Rialtas Cónaidhme atá an fhreagracht bhuiséadach as an scéim ráthaíochta creidmheasa onnmhairiúcháin. Is é Euler Hermes Aktiengesellschaft (cuideachta árachais) a bhainistíonn é thar ceann Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus é ag fheidhmiú mar ghníomhaire de chuid an Rialtais Chónaidhme a shealbhaíonn sainordú.
An Ungáir	Hungarian Export-Import Bank Plc. (Eximbank), is banc speisialaithe faoi úinéireacht stáit é. Hungarian Export Credit Insurance Plc. (MEHIB), is sainchuideachta árachais creidmheasa faoi úinéireacht stáit é . Feidhmíonn an banc agus an t-árachóir laistigh de chreat comhtháite agus gníomhaíonn siad mar GCO trí chláir chomhlántacha.

An Iodáil	SACE, cuideachta comhstoic faoi úinéireacht stáit (faoi úinéireacht 100 % ag Cassa Depositi e Prestiti), agus SIMEST, cuideachta chomhstoic arna rialú ag Cassa Depositi e Prestiti trí SACE, feidhmíonn an dá chuideachta sin mar GCOanna. Faoi chláir chreidmheasa onnmhairiúcháin a fhaigheann tacaíocht oifigiúil, soláthraíonn SACE ráthaíochtaí agus árachais den chuid is mó agus soláthraíonn SIMEST creidmheasanna ceannaitheoirí agus soláthróirí den chuid is mó. Cuireann siad réimse táirgí creidmheasa nach táirgí creidmheasa onnmhairiúcháin iad ar fáil freisin.
Lucsamburg	Is í an Office du Ducroire (ODL) an GCO, institiúid phoiblí a oibríonn le ráthaíocht an Stáit.
An Ísiltír	Atradius Dutch State Business, is GCO rialtas na hÍsiltíre é. Déanann sé comhaontuithe agus ráthaíochtaí maidir le hárachas creidmheasanna onnmhairiúcháin atá tugtha i gcrích/eisithe ag an Aire Airgeadais, agus é ag déanamh ionadaíocht ar Stát na hÍsiltíre.
An Pholainn	Is cuideachta chomhstoic é KUKE a bhfuil scair cheannasach Státchiste an Stáit aici. Tugadh sainordú do KUKE le Gníomh an 7 Iúil 1994 chun an scéim um chumhdach foirfe na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin a riar.
An Phortaingéil	Is cuideachta phríobháideach árachais é COSEC (Companhia de Seguro de Créditosis) atá ag gníomhú thar ceann Stát na Portaingéile, i gcomhar le hArd-Stiúrthóireacht an Státchiste agus an Airgeadais, mar GCO.
An Rómáin	Banca de Export-Import a Romaniei – Eximbank SA (EximBank), an GCO náisiúnta, is cuideachta comhstoic é agus is é Stát na Rómáine an príomh-scairshealbhóir atá aige.
An tSlóivéin	Sid Bank Inc. , is é sin an institiúid atá údaraithe ag an stát le seirbhísí GCO a chur i gcrích. Feidhmíonn sé thar ceann Phoblacht na Slóivéine agus dá cuntas mar ghníomhaire di.
Poblacht na Slóvaice	Eximbanka SR, is é GCO oifigiúil Phoblacht na Slóvaice é, eintiteas dlíthiúil a bunaíodh faoi Ghníomh speisialta.
An Spáinn	Compañía Española de Seguros de Crédito a la Exportación (CESCE), is cuideachta chaipitil mheasctha é ina bhfuil an sciar tromlaigh ag an Stát, é faoi shainordú le hÁrachas Creidmheasa Onnmhairiúcháin a bhainistiú thar ceann Stát na Spáinne. Instituto de Credito Oficial (ICO), tá baint aige le socrú airgeadais na n-idirbheart thar ceann an Chiste um Idirnáisiúnú Gnólachtaí maidir le maoiniú díreach agus scéimeanna um chomhionannú úis, a bhfuil faoi chúram na hAireachta Tionscail, Trádála agus Turasóireachta .
An tSualainn	Tá sainorduithe comhchosúla ag Bord Ráthaíochta Creidmheasanna Onnmhairiúcháin na Sualainne (EKN) agus ag Corparáid Creidmheasa Onnmhairiúcháin na Sualainne (SEK) ach tá siad éagsúil ó thaobh struchtúir eagrúcháin de agus ó thaobh na seirbhísí a thairgtear. Árachaíonn EKN an riosca creidmheasa agus cuireann SEK athmhaoiniú ar fáil. Is gníomhaireacht rialtais é EKN. Is corparáid atá faoi úinéireacht iomlán an stáit é SEK.